**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir le soiléirithe i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán 2022/2560, de bhun Airteagal 46 de**

(2022/C 491/04)

Geallann an Coimisiún go soiléireofar cur i bhfeidhm Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2022/2560 ([1]) maidir le saobhadh a bheith ann mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach, cur i bhfeidhm na tástála comhardúcháin a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo, agus an measúnú ar shaobhadh i nós imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 27(1) den Rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún na soiléirithe tosaigh sin ar fáil don phobal 12 mhí ar a dhéanaí tar éis dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha sin.

Féadfar treoirlínte arna n-eisiúint de bhun Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2560 a chur in ionad na soiléirithe tosaigh sin.

([1]) IO L 331, 23.12.2022, lch. 1..